


Treoirlínte

Maidir le gnéithe áirithe de na ceanglais oiriúnachta agus formáid an ráitis thréimhsiúil le haghaidh gníomhaíochtaí bainistithe punainne faoin Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MiCA)

Clár ábhar

| | | |
|------|--|----|
| 1 | Raon feidhme..... | 5 |
| 2 | Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe | 6 |
| 2.1 | Tagairtí reachtacha | 6 |
| 2.2 | Giorrúcháin | 6 |
| 2.3 | Sainmhínithe | 6 |
| 3 | Cuspóir..... | 7 |
| 4 | Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe | 8 |
| 4.1 | Stádas na dtreoirínite..... | 8 |
| 4.2 | Ceanglais tuairiscithe..... | 8 |
| 5 | Treoirínite maidir le gnéithe áirithe de na ceanglais oiriúnachta faoi MiCA | 9 |
| 5.1 | Faisnéis do chliant faoi chuspóir an mheasúnaithe oiriúnachta agus faoina raon feidhme | 9 |
| 5.2 | Na socruithe is gá chun cliant a thuiscint (Treoirínite 2) | 11 |
| 5.3 | Méid na faisnéise atá le bailiú ó chliant (comhréireacht) (Treoirínite 3)..... | 14 |
| 5.4 | Iontaofacht na faisnéise ó chliant (Treoirínite 4)..... | 18 |
| 5.5 | Faisnéis cliant a thabhairt cothrom le dáta (Treoirínite 5)..... | 21 |
| 5.6 | Faisnéis cliant i gcás eintitis dhlíthiúla nó grúpaí (Treoirínite 6)..... | 23 |
| 5.7 | Na socruithe is gá chun cripteashócmhainní a thuiscint (Treoirínite 7) | 25 |
| 5.8 | Na socruithe is gá chun oiriúnacht cripteashócmhainní nó seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú (Treoirínite 8) | 26 |
| 5.9 | Costais agus castacht táirgí coibhéiseacha (Treoirínite 9) | 29 |
| 5.10 | Costais agus buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a aistriú (Treoirínite 10)..... | 30 |
| 5.11 | Cáilíochtaí na foirne (Treoirínite 11) | 32 |
| 6 | Treoirínite maidir le formáid an ráitis thréimhsiúil i ndáil le bainistiú punainne de chripteashócmhainní | 34 |
| 6.1 | Meán marthanach (Treoirínite 1) | 34 |
| 6.2 | Rochtain ar chóras ar líne (Treoirínite 2) | 34 |
| 6.3 | Ábhar an ráitis thréimhsiúil (Treoirínite 3)..... | 35 |



1 Raon feidhme

Cé?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1)(15) de MiCA, i gcás ina soláthraíonn siad, de réir mar is ábhartha, comhairle maidir le cripteashócmhainní nó le bainistiú punainne de chripteashócmhainní.

Cad?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte maidir leis:
 - (i) na ceanglais oiriúnachta faoi Airteagal 81(1), (7), (8), (10), (11) agus (12) de MiCA; agus
 - (ii) na ceanglais is infheidhme maidir le formáid an ráitis thréimhsiúil atá le soláthar ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn bainistiú punainne de chripteashócmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 81(14) de MiCA.

Cén uair?

3. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo 60 lá féilire ó dháta a bhfoilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhíthe

2.1 Tagairtí reachtacha

| | |
|----------------|---|
| MiCA | Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcrípteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ¹ . |
| Rialachán ESMA | Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún ² . |

2.2 Giorrúcháin

| | |
|------|--|
| AE | An tAontas Eorpach |
| CEMA | An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais |
| ESMA | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |

2.3 Sainmhíthe

| | |
|----------------------------|---|
| <i>Measúnú oiriúnachta</i> | An próiseas iomlán chun faisnéis a bhailiú faoi chliant agus measúnú an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina dhiaidh sin go bhfuil cripteashócmhainn áirithe oiriúnach dó, bunaithe freisin ar thuiscint dhaingean an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar na cripteashócmhainní ar féidir leis a mholadh nó infheistíocht a dhéanamh iontu thar ceann an chliant. |
| <i>Uathchomhairle</i> | Comhairle ar chripteashócmhainní nó bainistiú punainne de chripteashócmhainní a chur ar fáil (go hiomlán nó go páirteach) trí chóras uathoibríthe nó leath-uathoibríthe a úsáidtear mar uirlis chun déileáil le cliant. |

¹ IO L 150, 9.6.2023, Ich. 40.

² IO L 331, 15.12.2010, Ich. 84.

3 Cuspóir

4. Tá na Treoirlínte sin bunaithe ar Airteagal 81(15) de MiCA agus Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach de na forálacha in 81(1), (7), (8), (10), (11), (12) agus (14) de MiCA a áirithiú de réir mar is ábhartha.
5. Go háirithe, is é is aidhm dóibh cóineasú níos mó a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm agus cur chuige mhaoirseachta i leith na gceanglas oiriúnachta MiCA agus na gceanglas is infheidhme maidir le formáid an ráitis thréimhsiúil atá le soláthar ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn bainistiú punainne de chripteashócmhainní.
6. Trí roinnt saincheisteanna tábhachtacha a shainaitheint mar atá leagtha amach sna treoirlínte thíos agus ar an gcaoi sin cuidiú lena áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní caighdeáin rialála, tá ESMA ag súil le neartú comhfhreagrach ar chosaint infheisteoirí.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirínte

7. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirínte seo a chomhlíonadh.
8. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

9. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirínte seo ina leith fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirínte á gcomhlíonadh acu ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
10. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirínte a chomhlíonadh.
11. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Agus an teimpléad líonta amach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.
12. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú an bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu.

5 Treoirínte maidir le gnéithe áirithe de na ceanglais oiriúnachta faoi MiCA

5.1 Faisnéis do chliant faoi chuspóir an mheasúnaithe oiriúnachta agus faoina raon feidhme

Reachtaíocht ábhartha: Airteagail 66(1) agus (2) agus 81(1), (8), (10) agus (11) de MiCA.

13. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcliaint a chur ar an eolas go soiléir agus go simplí faoin measúnú oiriúnachta agus faoin gcuspóir atá leis, is é sin cur ar chumas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní gníomhú ar mhaithe le leas an chliant. Ba cheart a áireamh leis sin míniú soiléir gurb é an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá freagrach as an measúnú a dhéanamh, ionas go dtuigfidh cliant (i) an chúis a n-iarrtar orthu faisnéis áirithe a sholáthar, (ii) an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a bheith cothrom le dáta, cruinn agus iomlán agus (iii) nach ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, gan faisnéis den sórt sin, seirbhísí cripteashócmhainní ná cripteashócmhainní a mholadh, ná nach gcuirfidh sé tús le bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar. Féadfar faisnéis den sórt sin a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe.
14. Ba cheart go gcabhródh faisnéis faoin measúnú oiriúnachta le cliant cuspóir na gceanglas a thuiscint. Ba cheart go spreagfaí léi faisnéis atá cothrom le dáta, cruinn agus leordhóthanach a sholáthar maidir lena n-eolas, a dtaithe, a gcuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca) agus a staid airgeadais (lena n-áirítear a gcumas caillteanais a sheasamh). Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chur in iúl dá gcliaint go bhfuil sé tábhachtach faisnéis iomlán agus chruinn a bhailiú ionas gur féidir leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cripteashócmhainní nó seirbhísí cripteashócmhainní oiriúnacha a mholadh don chliant. Gan an fhaisnéis sin, ní féidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní comhairle a chur ar fáil maidir le cripteashócmhainní ná maidir le bainistiú punainne de chripteashócmhainní.
15. Is faoin soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá sé a chinneadh conas a chuirfidh siad a gcliaint ar an eolas faoin measúnú oiriúnachta. Ba cheart go gcuirfí ar chumas na rialuithe leis an bhformáid a úsáidtear, áfach, seiceáil a dhéanamh ar cuireadh an fhaisnéis ar fáil.
16. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aon débhríocht ná mearbhall a chruthú maidir lena bhfreagrachtaí sa phróiseas agus measúnú á dhéanamh acu ar oiriúnacht na seirbhísí cripteashócmhainní nó na gcripteashócmhainní. Ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sheachaint a lua, nó a thabhairt le tuiscint, gurb é an cliant a chinneann oiriúnacht na hinfeistíochta nó na seirbhíse, nó gurb é an cliant a dheimhníonn cé na cripteashócmhainní nó na seirbhísí cripteashócmhainní a oireann dá phróifíl riosca féin. Mar shampla, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sheachaint a chur in iúl don chliant gurb í cripteashócmhainn

áirithe an ceann a roghnaigh an cliant a bheith oiriúnach, nó a cheangal ar an gcliant a dhearbhu go bhfuil cripteashócmhainn nó seirbhís chripteashócmhainní oiriúnach.

17. Ní bheadh aon tionchar ar bhealach ar bith ar thréithriú na seirbhíse cripteashócmhainní a chuirtear ar fáil go praiticiúil do chliant ná ar mheasúnú ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní na ceanglais chomhfhreagracha ag aon séanadh (nó ráitis eile dá samhail) a bhfuil sé d'aidhm acu freagracht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní as an measúnú oiriúnachta a theorannú. Mar shampla, agus faisnéis na gcliant á bailiú a theastaíonn chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh (amhail a dtréimhse infheistíochta ionchasach nó a dtréimhse shealbhaíochta nó faisnéis a bhaineann lena lamháltas riosca), níor cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhaíomh nach ndéanann siad measúnú ar an oiriúnacht.
18. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith i dtuisicint na gcliant ar na seirbhísí cripteashócmhainní a chuirtear ar fáil trí uathchomhairle, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cliant a chur ar an eolas, chomh maith le faisnéis eile a theastaíonn, maidir leis na nithe seo a leanas:
 - míniú an-soiléir ar mhéid beacht na rannpháirtíochta daonna agus an féidir agus conas is féidir leis an gcliant iarraidh ar idirghníomhaíocht dhaonna;
 - míniú ina mbeidh tionchar díreach ag na freagraí a thugann cliant ar oiriúnacht na gcinntí infheistíochta a mholtar nó a dhéanfar thar a gceann a chinneadh;
 - cur síos ar na foinsí faisnéise a úsáidtear chun comhairle infheistíochta a ghiniúint nó chun an tseirbhís bhainistithe punainne a sholáthar (e.g. má úsáidtear ceistneoir ar líne, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhíniú go bhféadfadh gurb iad na freagraí ar an gceistneoir an t-aon bhunús leis an uathchomhairle nó cibé an bhfuil rochtain ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar fhaisnéis cliant nó ar chuntais eile);
 - míniú ar conas agus cathain a dhéanfar faisnéis an chliant a nuashonrú maidir lena gcás, a gcúinsí pearsanta, etc.
19. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní breithniú cúramach a dhéanamh freisin i dtaobh an bhfuil a nochtaí ceaptha le bheith éifeachtach (e.g. cuirtear na nochtaí ar fáil go díreach do chliant agus níl siad i bhfolach ná dothuigthe). I gcás soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chuireann uathchomhairle ar fáil d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo go háirithe:
 - béim a leagan ar an bhfaisnéis ábhartha (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe den dearadh amhail boscaí aníos);
 - smaoineamh ar cheart téacs idirghníomhach a bheith ag gabháil le roinnt faisnéise (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe deartha amhail leideanna uirlisí) nó trí mhodhanna eile chun sonraí breise a sholáthar do chliant atá ag lorg tuilleadh faisnéise (e.g. i mír na gCeisteanna Coitianta).

5.2 Na socruithe is gá chun cliant a thuiscint (Treoirlíne 2)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (8) agus (10) de MiCA.

20. Agus an fhaisnéis is gá chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar gach cliant á bailiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú go bhfuil na ceisteanna a chuireann siad ar a gcliainnt sách sonrach, gur dócha go dtuigfí i gceart iad, go gcuirtear san áireamh na gnéithe a forbraíodh i dtreoirlíne 3 agus go bhfuil aon mhodh a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú deartha chun an fhaisnéis is gá le haghaidh measúnú oiriúnachta a fháil.
21. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú go ndéanfar measúnú comhsheasmhach ar an bhfaisnéis a bhailítear faoina gcliainnt, beag beann ar na modhanna a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a bhailiú.
22. Mar shampla, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní úsáid a bhaint as ceistneoirí (go háirithe i bhformáid dhigiteach) líonta amach ag a gcliainnt, as faisnéis bailithe le linn an phlé leo nó as faisnéis eile a bailíodh cheana féin tríd an gcaidreamh atá ann cheana idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cliant. Mar shampla, d'fhéadfadh mainneachtain íocaíochta ar oibleagáidí eile a bheith ina léiriú ar staid dheacair airgeadais.
23. Agus na ceistneoirí á ndearadh acu chun faisnéis a bhailiú faoina gcliainnt chun críche measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith ar an eolas faoi na cúiseanna is coitianta go dteipfeadh ar chliainnt ceistneoirí a fhreagairt i gceart agus na cúiseanna sin a bhreithniú. Go háirithe:
 - ba cheart aird a thabhairt ar shoiléireacht, uileghabhálacht agus sothuigtheacht an cheistneora, agus friotal a sheachaint atá míthreorach, a chothódh mearbhall, atá neamhbheacht nó atá rótheicniúil;
 - ba cheart an leagan amach a mhionsaothrú go cúramach agus ba cheart go seachnódh sé roghanna cliant a dhíriú (cló, spásáil línte, etc.);
 - ba cheart a sheachaint ceisteanna a chur i láthair i mbaisceanna (faisnéis a bhailiú ar shraith míreanna trí cheist amháin, go háirithe agus eolas agus taithe agus lamháltas riosca á measúnú);
 - ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní breithniú cúramach a dhéanamh ar an ord ina gcuirfidh siad ceisteanna chun faisnéis a bhailiú ar bhealach éifeachtach;
 - d'fhonn a áirithiú go mbaileofar an fhaisnéis riachtanach, níor cheart go mbeadh an fhéidearthacht gan freagra a thabhairt ar fáil i gceistneoirí (go háirithe agus faisnéis á bailiú faoi staid airgeadais an chliainnt).

24. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bearta réasúnta a ghlacadh freisin chun tuiscint an chliant ar riosca infheistíochta a mheasúnú mar aon leis an ngaol idir riosca agus toradh ar infheistíochtaí, toisc go bhfuil sé seo ríthábhachtach chun go bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gníomhú i gcomhréir le leas an chliant agus an measúnú oiriúnachta á dhéanamh acu. Agus ceisteanna á gcur i láthair acu i ndáil leis sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhíniú go soiléir agus go simplí gurb é an cuspóir atá leo a fhreagairt ná cabhrú le dearcadh na gcliant i leith riosca (próifíl riosca) a mheas, agus dá bhrí sin a aimsiú an bhfuil seirbhísí cripteashócmhainní nó na cripteashócmhainní oiriúnach dóibh (agus, más oiriúnach, na cineálacha agus na rioscaí a bhaineann leo).
25. I measc na faisnéise is gá chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh, tá gnéithe éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu, mar shampla, ar an anailís ar staid airgeadais an chliant (lena n-áirítear a chumas caillteanais a iompar) nó ar chuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca). Is samplaí iad seo a leanas de ghnéithe den sórt sin a bhaineann leis an gcliant:
- stádas pósta (go háirithe cumas dlíthiúil an chliant gealltanais a thabhairt maidir le sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith lena bpáirtí freisin);
 - staid an teaghlaigh (d'fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe ar chás teaghlaigh cliant ar a staid airgeadais e.g. leanbh nua nó leanbh atá in aois tosú ar an ollscoil);
 - aois (rud atá tábhachtach den chuid is mó chun measúnú ceart ar na cuspóirí infheistíochta a áirithiú, agus go háirithe leibhéal an riosca airgeadais atá an cliant toilteanach a ghlacadh, chomh maith leis an tréimhse shealbhaíochta nó leis an tréimhse infheistíochta ionchasach, a léiríonn go bhfuil sé toilteanach infheistíocht a shealbhú ar feadh tréimhse áirithe ama);
 - staid fostaíochta (d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an leibhéal slándála poist nó ag an bhfíoras go bhfuil an cliant gar do dhul ar scor ar a staid airgeadais nó ar a chuspóirí infheistíochta);
 - an gá atá le leachtacht in infheistíochtaí ábhartha áirithe nó an gá le gealltanais airgeadais a mhaoiniú amach anseo (e.g. ceannach maoiné, táillí oideachais).
26. Agus an fhaisnéis atá riachtanach á cinneadh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní meabhrú don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an measúnú oiriúnachta ag aon athrú suntasach ar an bhfaisnéis sin.
27. Measann ESMA gur dea-chleachtas é do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gnéithe neamhairgeadais a chur san áireamh agus faisnéis á bailiú acu maidir le cuspóirí infheistíochta an chliant, agus – thar na gnéithe a liostaítear i mír 25 – faisnéis a bhailiú maidir le roghanna an chliant maidir le tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais chun iad a chur san áireamh sa mheasúnú oiriúnachta.

28. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gach beart réasúnta a ghlacadh chun measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an tuiscint atá ag a gcliainnt ar na príomhthréithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis na cineálacha táirgí i dtairiscint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Maidir le measúnú ceart a dhéanamh ar eolas agus taithí an chliainnt, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfeadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sásraí ar bun chun a sheachaint go mbeifí ag brath go míchuí ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh cliant agus chun comhsheasmhacht na bhfreagraí a sholáthraíonn an cliant³ a chinntiú. Ba cheart faisnéis a bhailíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoi eolas agus taithí an chliainnt a chur san áireamh ina n-iomláine chun breithmheas iomlán a dhéanamh ar a thuiscint ar na táirgí agus ar na seirbhísí agus ar na rioscaí a bhaineann leis na hidirbhearta molta nó maidir le bainistiú a phunainne.
29. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní breithmheas ar thuiscint an chliainnt ar nótaí airgeadais bunúsacha amhail riosca infheistíochta (lena n-áirítear riosca comhchruinnithe) agus comhbhabhtáil riosca agus toraidh. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní smaoineamh ar shamplaí táscacha, sothuigthe de na leibhéil chaillteanais nó aischair a úsáid a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag brath ar leibhéal an riosca a ghlactar agus ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar fhreagra an chliainnt ar chásanna dá leithéid.
30. Mar chuid den mheasúnú ar eolas agus taithí cliainnt, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú go bhfuil tuiscint shonrach ag an gcliainnt ar chripteashócmhainní agus, go háirithe, na rioscaí a bhaineann le teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid (mar shampla, cibearghadaíocht, haiceáil, cailleadh nó scriosadh eochracha príobháideacha), ar a bhfuil cripteashócmhainní bunaithe.
31. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gceistneoirí a dhearadh ionas go mbeidís ábalta an fhaisnéis riachtanach a bhailiú faoina gcliainnt. Tá sé sin ábhartha go háirithe do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí uathchomhairle i bhfianaise na hidirghníomhaíochta teoranta daonna. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhaineann leis an measúnú sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní fachtóirí a chur san áireamh amhail:
- cibé an gceadaítear leis an bhfaisnéis a bhailítear tríd an gceistneoir ar líne don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhaint de thátal as go bhfuil an chomhairle a chuirtear ar fáil oiriúnach dá gcliainnt ar bhonn a gcuid eolais agus a gcuid taithí, a staid airgeadais agus a gcuspóirí agus a riachtanais infheistíochta;
 - cibé an bhfuil na ceistneoirí sách soiléir agus/nó cibé an bhfuil an ceistneoir ceaptha chun soiléiriú breise nó samplaí a sholáthar do chliainnt nuair is gá (e.g. trí leas a bhaint as gnéithe deartha, amhail leideanna uirlisí nó boscaí aníos);

³ Féach treoirlíne 4.

- cibé an bhfuil roinnt idirghníomhaíochta nó tacaíochta ó dhaoine (lena n-áirítear cian-idirghníomhú ar an ríomhphost nó ar fhóin phóca) ar fáil do chliaint agus freagra á thabhairt acu ar an gceistneoir ar líne;
- cibé an ndearnadh bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhreagraí a bhfuil neamhréir eatarthu ó chliaint (amhail gnéithe den dearadh a chur san áireamh sa cheistneoir chun cliaint a chur ar an airdeall nuair a bhíonn an chuma ar a gcuid freagraí go bhfuil neamhréir eatarthu agus chun moladh dóibh athmhachnamh a dhéanamh ar na freagraí sin; nó córais a chur chun feidhme chun aird a dhíriú go huathoibríoch ar fhaisnéis curtha ar fáil ag cliaint a bhfuil an chuma uirthi gur faisnéis neamhréireach í ionas go bhféadfaí an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní athbhreithniú a dhéanamh uirthi nó beart leantach a dhéanamh ina leith).

5.3 Méid na faisnéise atá le bailiú ó chliaint (comhréireacht) (Treoirlíne 3)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (8) agus (10) de MiCA

32. Sula dtabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní comhairle maidir le cripteashócmhainní nó le bainistiú punainne cripteashócmhainní, ní mór dóibh an 'faisnéis riachtanach' uile a bhailiú⁴ maidir leis an eolas agus an taithí atá ag an gcliánt, a staid airgeadais, a chuspóirí infheistíochta agus an tuiscint bhunúsach atá acu ar na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní a cheannach, agus aird chuí á tabhairt ar chineál agus ar mhéid na seirbhíse a sholáthraítear. D'fhéadfadh méid na faisnéise 'riachtanaí' a bheith éagsúil agus ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní méid na faisnéise atá le bailiú ó chliaint a chinneadh i bhfianaise ghnéithe uile na comhairle maidir le cripteashócmhainní nó le bainistiú punainne cripteashócmhainní atá le soláthar do na cliaint sin. Go háirithe, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gnéithe na comhairle maidir le cripteashócmhainní nó le bainistiú punainne cripteashócmhainní atá le soláthar a chur san áireamh chomh maith le cineál agus saintréithe na gcripteashócmhainní atá le breithniú agus saintréithe na gcliánt.
33. Agus cinneadh á dhéanamh faoin bhfaisnéis atá 'riachtanach', ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, maidir leis an eolas agus an taithí atá ag cliaint, a staid airgeadais, a gcuspóirí infheistíochta agus an tuiscint bhunúsach atá acu ar na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní a cheannach, an méid seo a leanas a mheas:
- cineál na gcripteashócmhainní nó n-idirbheart airgeadais nó seirbhísí a fhéadfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a mholadh nó a dhéanamh (lena n-áirítear castacht agus leibhéal an riosca);

⁴ Ba cheart go dtuigfí gurb é is brí le 'faisnéis riachtanach' an fhaisnéis nach mór do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhailiú chun na ceanglais oiriúnachta faoi MiCA a chomhlíonadh.

- cineál agus réim na seirbhíse a fhéadfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar;
 - riachtanais agus imthosca an chliaint;
 - gnéithe maidir leis an gcliánt (e.g. a leibhéal sofaisticiúlachta, eolas ar infheistiú (lena n-áirítear i ndáil le cripteashócmhainní), staid airgeadais, etc.).
34. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú go n-áirítear san fhaisnéis maidir leis an eolas agus an taithí atá ag cliánt nó ag cliánt ionchasach maidir le hinfeistiú, lena n-áirítear i réimse na gcripteashócmhainní, an méid seo a leanas, a mhéid is iomchuí do chineál an chliaint, cineál agus méid na seirbhíse atá le soláthar agus cineál na cripteashócmhainne nó an idirbhirt atá beartaithe, lena n-áirítear a gcastacht agus na rioscaí atá i gceist:
- na cineálacha seirbhíse, idirbheart agus táirgí airgeadais a bhfuil cur amach ag an gcliánt orthu;
 - cibé an dtuigeann an cliánt teicneolaíocht mórleabhar dáilte, ar a bhfuil cripteashócmhainní bunaithe, agus na rioscaí a bhaineann léi, amhail an riosca go n-aistreofaí cripteashócmhainní chuig an sparán mícheart nó chuig an seoladh mícheart nó na rioscaí a bhaineann le haiceáil;
 - cineál, méid agus minicíocht idirbhearta an chliaint, lena n-áirítear i gcripteashócmhainní, agus an tréimhse a ndearnadh iad lena linn;
 - leibhéal oideachais, agus gairm nó iarghairm iomchuí atá ag an gcliánt nó ag an gcliánt ionchasach.
35. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas cliaint ar chripteashócmhainní nó ar chineál áirithe cripteashócmhainní, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní brath go hiomlán ar stair idirbhirt an chliaint sin ach ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint ag an gcliánt ar an táirge.
36. Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le méid na faisnéise atá le bailiú, is mar a chéile i gcónaí a fhanfaidh an caighdeán chun a chinntiú go bhfuil moladh nó infheistíocht a dhéantar thar ceann an chliaint oiriúnach don chliánt. Le MiCA, cheadaítear do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an leibhéal faisnéise a bhailiú atá leordhóthanach agus comhréireach do na táirgí agus na seirbhísí a thairgeann siad, nó a n-iarrann an cliánt comhairle shonrach faoi maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne cripteashócmhainní. Ní cheadaítear leis do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an leibhéal cosanta atá dlite do chliaint a ísliú.
37. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis maidir le cuspóirí infheistíochta an chliaint nó an chliánt ionchasaigh, i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir leis an bhfad ama ar mian leis an gcliánt an infheistíocht a shealbhú, a chuid nó a chuid roghanna maidir le riosca a thógáil, a bpróifíl riosca, agus cuspóirí na hinfeistíochta.

38. Agus rochtain á soláthar ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar chripteashócmhainní atá níos casta nó a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, ba cheart dóibh faisnéis ní ba dhoimhne a bhailiú faoin gcliánt ná mar a bhaileoidís i gcás ina mbeadh táirgí nach mbeadh chomh casta nó a mbeadh riosca ní ba lú ag baint leo i gceist. Déantar é sin ionas gur féidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú a dhéanamh ar chumas an chliaint na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní den sórt sin a thuiscint agus a sheasamh ó thaobh airgeadais de.⁵ Tá ESMA ag súil go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú láidir, i measc nithe eile, ar eolas agus ar thaithí an chliaint, lena n-áirítear, mar shampla, a chumas tuiscint a fháil ar na sásraí a fhágann go bhfuil ‘riosca’ ag baint leis an gcriteashócmhainn a mholtar nó a thrádáiltear agus, b’fhéidir, go bhfuil sí ‘casta’, cibé acu an bhfuil trádáil déanta cheana féin ag an gcliánt i gcriteashócmhainní agus ar an gcineál sonrath cripteashócmhainní (mar shampla, cripteamhona cobhsaí nó comhartha fóntais), an méid ama a bhí siad á dtrádáil acu, etc.
39. Le haghaidh cripteashócmhainní neamhleachtacha⁶, áireofar leis an ‘bhfaisnéis riachtanach’ a bheidh le bailiú faisnéis maidir leis an bhfad ama a bhfuil an cliánt sásta an infheistíocht a shealbhú.
40. D’fhéadfadh méid na faisnéise atá le bailiú a bheith ag brath ar chineál na gcriteashócmhainní agus na seirbhísí atá le moladh nó le cur isteach orthu toisc go mbeidh gá i gcónaí le faisnéis faoi staid airgeadais an chliaint a bhailiú. Mar shampla, toisc gur infheistíochtaí an-amhantracha iad go leor cripteashócmhainní, féadfar na gnéithe go léir seo a leanas a áireamh san ‘fhaisnéis riachtanach’ de réir mar is gá chun a áirithiú cibé an gceadaíonn staid airgeadais an chliaint dó infheistíocht a dhéanamh i gcriteashócmhainní den sórt sin nó infheistíocht a bheith acu iontu:
- méid ioncam rialta agus ioncam iomlán an chliaint, cibé acu a thuilltear an t-ioncam ar bhonn buan nó sealadach, agus foinse an ioncaim sin (mar shampla, ó fhostaíocht, ioncam scoir, ioncam infheistíochta, torthaí cíosa, etc.);
 - sócmhainní an chliaint, lena n-áirítear sócmhainní leachtacha, infheistíochtaí agus maoin réadúil, lena n-áireofaí cad iad na hinfeistíochtaí airgeadais, maoin phearsanta agus infheistíochta, cistí pinsin agus aon taisce airgid, etc., a d’fhéadfadh a bheith ag an gcliánt. Ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, i gcás inarb ábhartha, faisnéis a bhailiú freisin faoi choinníollacha, faoi théarmaí, faoi rochtain, faoi iasachtaí, faoi ráthaíochtaí agus faoi shrianta eile, más infheidhme, ar na sócmhainní thuas a d’fhéadfadh a bheith ann.

⁵ Chun a áirithiú go dtuigeann cliánt an riosca infheistíochta agus na cailleanais ionchasacha a d’fhéadfadh a bheith orthu, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a chur i láthair ar bhealach soiléir agus sothuigthe, agus d’fhéadfaí úsáid a bhaint as samplaí léiriúcháin de mhéid na gcaillteanas i gcás cripteashócmhainn atá ag feidhmiú go dona, agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 81(9) de MiCA.

⁶ Is faoi gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a shainiú a priori cé acu de na cripteashócmhainní atá san áireamh ina thairiscint d’infheisteoirí a mheasann sé a bheith neamhleachtach.

- gealltanais airgeadais rialta an chliant, lena n-áireofaí na gealltanais airgeadais atá déanta ag an gcliant nó atá beartaithe acu a dhéanamh (dochair an chliant, méid iomlán an fhéichiúnais agus gealltanais thréimhsiúla eile, etc.).
41. Agus an fhaisnéis atá le bailiú á cinneadh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cineál na seirbhíse atá le soláthar a chur san áireamh freisin. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin:
- nuair atá comhairle maidir cripteashócmhainní le cur ar fáil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis leordhóthanach a bhailiú ionas go mbeidís in ann measúnú a dhéanamh ar chumas an chliant tuiscint a fháil ar na rioscaí agus ar nádúr gach ceann de na cripteashócmhainní a bheartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iad a mholadh don chliant sin;
 - nuair atá bainistiú punainne de chripteashócmhainní le cur ar fáil, ós rud é go bhfuil cinntí infheistíochta le déanamh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní thar ceann an chliant, féadfaidh níos lú sonraí bheith sa leibhéal eolais agus taithí a theastaíonn ón gcliant maidir leis na cripteashócmhainní go léir a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den phunann, ar shonraí iad atá níos lú ná an leibhéal ar cheart a bheith ag an gcliant nuair atá comhairle maidir le seirbhís chripteashócmhainní le cur ar fáil. Mar sin féin, fiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart go dtuigfeadh an cliant ar a laghad rioscaí foriomlána na punainne (lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le teicneolaíocht mórleabhair dáilte) agus go mbeadh tuiscint ghinearálta acu ar na rioscaí a bhaineann le gach cineál cripteashócmhainne is féidir a áireamh sa phunann. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuiscint agus eolas an-soiléir a fháil ar mhéid na tuisceana atá ag an gcliant ar chripteashócmhainní agus ar phróifíl infheistíochta an chliant.
42. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag méid na seirbhíse a iarrann an cliant í ar leibhéal na faisnéise a bhailítear faoin gcliant. Mar shampla, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuilleadh faisnéise a bhailiú faoi chliant atá ag lorg comhairle a chlúdaíonn a bpunann airgeadais iomlán ná mar a iarrann cliant ar chomhairle shonrach maidir le conas méid áirithe airgid a infheistiú ar cuid réasúnta beag dá bpunann iomlán é.
43. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cineál an chliant a chur san áireamh freisin agus an fhaisnéis atá le bailiú á cinneadh acu. Mar shampla, ba ghá go hiondúil faisnéis ní ba dhoimhne a bhailiú do chliant a d'fhéadfadh a bheith leochaileach (cosúil le cliant níos sine) nó do dhaoine gan taithí ag lorg comhairle maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne de sheirbhísí cripteashócmhainní den chéad uair.
44. Braithfidh an fhaisnéis atá le bailiú ar riachtanais agus ar chúinsí an chliant freisin. Mar shampla, is dócha go mbeidh faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil ó sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní maidir le staid airgeadais an chliant i gcás ina bhfuil cuspóirí infheistíochta an chliant iolrach agus/nó fadtéarmach, ná mar a bhíonn nuair a bhíonn infheistíocht ghearrtéarmach á lorg ag an gcliant.

45. Áirítear le faisnéis faoi staid airgeadais an chliant faisnéis maidir lena chuid nó cuid infheistíochtaí (i gcrípteashócmhainní agus i dtáirgí eile). Tugtar le tuiscint leis sin go bhfuiltear ag súil go mbeidh faisnéis ag soláthraithe seirbhísí crípteashócmhainní faoi infheistíochtaí airgeadais an chliant atá aige leis an soláthraí seirbhísí crípteashócmhainní ar bhonn crípteashócmhainne de réir crípteashócmhainne. Ag brath ar raon feidhme na comhairle a chuirtear ar fáil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí crípteashócmhainní cliant a spreagadh freisin chun sonraí a nochtadh maidir le hinfeistíochtaí atá ina seilbh acu le soláthraithe seirbhísí crípteashócmhainní eile nó maidir le hinfeistíochtaí airgeadais atá ina seilbh acu le hinstitiúidí airgeadais, ar bhonn táirge de réir táirge, más féidir freisin.

5.4 Iontaofacht na faisnéise ó chliant (Treoirlíne 4)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1) agus (10) de MiCA.

46. Táthar ag súil go soláthróidh cliant an fhaisnéis cheart, cothrom le dáta agus iomlán atá riachtanach don mheasúnú oiriúnachta. Mar sin féin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí crípteashócmhainní bearta réasúnta a dhéanamh agus ba cheart uirlisí iomchuí a bheith acu lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a bhaileofar faoina gcliant iontaofa, cruinn agus comhsheasmhach, gan bheith ag brath go míchuí ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh cliant. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas leis sin, ach gan a bheith teoranta dó:
- a áirithiú go bhfuil cliant ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil;
 - a áirithiú go bhfuil na huirlisí uile, amhail uirlisí próifílithe measúnaithe riosca nó uirlisí trína ndéantar measúnú ar eolas agus taithí cliant, a úsáidtear sa phróiseas measúnaithe oiriúnachta, oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil siad deartha go hiomchuí lena n-úsáid lena gcliant, agus go sainaithnítear aon teorainneacha agus go maolaítear go gníomhach iad tríd an bpróiseas measúnaithe oiriúnachta;
 - a áirithiú gur dócha go dtuigfidh cliant na ceisteanna a úsáidtear sa phróiseas, go ndéanfar léiriú cruinn ar chuspóirí agus ar riachtanais an chliant a ghabháil leo, agus go bhfuil an fhaisnéis is gá iontu chun an measúnú oiriúnachta a thuiscint; agus
 - bearta a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun comhsheasmhacht na faisnéise ó chliant a áirithiú, amhail trí bhreithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil míchruinnis shoiléire san fhaisnéis curtha ar fáil ag cliant.
47. Tá soláthraithe seirbhísí crípteashócmhainní fós freagrach as a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach acu chun measúnú oiriúnachta a dhéanamh. I ndáil leis sin, ní mheasfar go gcomhlíontar ceanglais ábhartha in MiCA le haon chomhaontú sínithe ag an gcliant, nó aon nochtadh déanta ag an soláthraí seirbhísí crípteashócmhainní, a

mbeadh sé d'aidhm acu freagracht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a theorannú maidir leis an measúnú oiriúnachta.

48. Ionas nach mbeifear ag brath go míchuí ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh cliaint, ba cheart aon uathmheastóireacht a chúiteamh le faisnéis fhíorasach bailithe ar bhonn critéir oibiachtúla. Mar shampla:

- seachas a fhiafraí de chliant an dtuigeann coincheapa na comhbhabhtála riosca agus toraidh agus an éagsúlaithe riosca, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní roinnt samplaí praiticiúla a chur faoi bhráid na gcliant faoi chásanna a d'fhéadfadh tarlú i ndáiríre, mar shampla trí bhíthin graf nó trí chásanna dearfacha agus diúltacha atá bunaithe ar thoisimhdí réasúnta a chur i láthair dóibh;
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an bhfuil dóthain eolais aige faoi na príomhthréithe agus faoi na príomhrioscaí a bhaineann le cineálacha sonracha cripteashócmhainní, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, mar shampla, ceisteanna a chur atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag an gcliant i ndáiríre ar na cineálacha sonracha cripteashócmhainní, mar shampla trí cheisteanna ilroghnacha a chur ar an gcliant ar cheart don chliant an freagra ceart orthu a thabhairt;
- seachas a fhiafraí de chliant an mbraitheann sé go bhfuil taithí leordhóthanach aige chun infheistíocht a dhéanamh i gcripteashócmhainní áirithe, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhiafraí den chliant cé na cineálacha sonracha cripteashócmhainní a bhfuil an cliant eolach orthu agus cén uair is déanaí ar thrádáil siad iad agus cé chomh minic is a bhíonn siad á dtrádáil;
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an gcreideann siad go bhfuil cistí leordhóthanacha acu le hinfeistiú, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iarraidh ar chliant faisnéis fhíorasach a sholáthar faoina staid airgeadais, e.g. foinse rialta ioncaim agus cibé an bhfuil dlíteanais gan íoc ann (amhail iasachtaí bainc nó fiacha eile a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an measúnú ar chumas an chliant aon riosca nó aon chaillteanas a bhaineann leis an infheistíocht a iompar);
- seachas a fhiafraí de chliant cibé an mothaíonn siad compordach le riosca a ghlacadh, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an leibhéal caillteanais thar thréimhse áirithe ama a mbeadh an cliant sásta glacadh leis a fhiosrú, ar infheistíocht aonair nó ar phunann iomlán.

49. Agus eolas agus taithí an chliant á mheas, ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní ceisteanna ró-leathana tá/níl agus cur chuige féinmheasúnaithe an-leathan amhail tic sa bhosca a sheachaint (mar shampla, ba cheart go seachnódh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní liosta de tháirgí infheistíochta a chur ar fáil don chliant agus iarraidh air/uirthi a léiriú cé na táirgí a bhfuil taithí acu ar bheith ag plé leo).

I gcás ina ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní freagraí a réamhlíonadh isteach ar bhonn cúlra idirbheart an chliant leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin (e.g. trí sheirbhís cripteashócmhainní eile), ba cheart dóibh a áirithiú nach n-úsáidfear ach faisnéis atá lánoibiachtúil, lánábhartha agus lániontaofa agus go dtabharfar an deis don chliant athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na freagraí a líonadh amach roimh ré agus, más gá, iad a cheartú agus/nó iad a chomhlánú chun cruinneas aon fhaisnéise líonta amach roimhe sin a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gan taithí na gcliant a thuar bunaithe ar thiomhdí.

50. Níor cheart gur leor réamhinfeistíochtaí cliant i gcripteashócmhainní ann féin chun go dtiocfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an gconclúid go dtuigeann an cliant sin cripteashócmhainní agus seirbhísí cripteashócmhainní (go háirithe na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní).
51. Agus lamháltas riosca a gcliant á measúnú trí cheistneoir, ní hamháin gur cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní imscrúdú a dhéanamh ar shaintréithe inmhianaithe riosca agus toraidh d'infheistíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ach ba cheart dóibh dearcadh an chliant i leith riosca a chur san áireamh freisin. Chuige sin, cé gur cheart féinmheasúnú maidir le lamháltas riosca a sheachaint, d'fhéadfaí ceisteanna sainráite a chur ar chliant maidir lena roghanna pearsanta i gcás neamhchinnteacht i leith riosca. Ina theannta sin, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, mar shampla, úsáid a bhaint as graif, as céatadáin shonracha nó as figiúirí nithiúla agus iad ag fiafraí den chliant cad é mar a ghníomhóidís dá laghdódh luach a phunainne.
52. I gcás ina mbraithfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar uirlisí atá le húsáid ag cliant mar chuid den phróiseas oiriúnachta (amhail ceistneoirí ar líne nó bogearraí próifílithe riosca) ba cheart dóibh a áirithiú go mbeadh córais agus rialuithe iomchuí acu lena áirithiú go mbeadh na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbeadh torthaí sásúla leo. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt rialuithe ar chomhleanúnachas na bhfreagraí a sholáthraíonn cliant iad a áireamh i mbogearraí próifílithe riosca chun contráthachtaí idir míreanna éagsúla faisnéise a bhailítear a thabhairt chun suntais.
53. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bearta réasúnta a ghlacadh freisin chun na rioscaí féideartha a bhaineann le húsáid uirlisí den sórt sin a mhaolú. Mar shampla, d'fhéadfadh rioscaí féideartha teacht chun cinn dá spreagfaí cliant chun freagraí áirithe a thabhairt d'fhonn rochtain a fháil ar chripteashócmhainní nó ar sheirbhísí cripteashócmhainní nach mbeadh oiriúnach dóibh (gan fíorchúinsí ná fíorriachtanais na gcliant a léiriú i gceart).⁷
54. D'fhonn comhsheasmhacht na faisnéise cliant a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní féachaint ar an bhfaisnéis a bailíodh ina hiomláine. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith ar an airdeall maidir le haon chontráthacht ábhartha idir míreanna éagsúla d'fhaisnéis a bailíodh agus dul i

⁷ Maidir leis sin, féach freisin mír 54 de threoirlíne 5 ina dtugtar aghaidh ar an mbaol go mbeadh tionchar ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar chliant freagraí ar thug siad roimhe sin a athrú, gan aon mhodhnú réalaíoch ar a gcás a bheith ann.

dteagmháil leis an gcliant chun aon neamhréireacht nó aon mhíchruinneas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach. Samplaí de na contrárthachtaí sin is ea cliaint nach bhfuil mórán eolais ná taithí acu agus a bhfuil dearcadh ionsaitheach acu i leith riosca, nó a bhfuil próifíl riosca stuama nó cuspóirí infheistíochta uailmhianacha acu.

55. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sásraí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh claonadh ag cliaint rómheastachán a dhéanamh ar a gcuid eolais agus a gcuid taithí, mar shampla trí cheisteanna a chur san áireamh ann a chuideodh le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú a dhéanamh ar thuiscint iomlán na gcliant ar shaintréithe agus ar rioscaí na gcripteashócmhainní i gcoitinne agus ar na cineálacha éagsúla de chripteashócmhainní. D'fhéadfadh bearta den sórt sin a bheith tábhachtach go háirithe i gcás uathchomhairle, ós rud é go bhféadfadh riosca de rómheastachán ó chliant a bheith níos airde nuair a sholáthraíonn siad faisnéis trí chóras uathoibríthe (nó leath-uathoibríthe), go háirithe i gcásanna ina dtuairtar go bhfuil an idirghníomhaíocht dhaonna an-teoranta nó i gcásanna nach ann di idir cliaint agus fostaithe an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

5.5 Faisnéis cliant a thabhairt cothrom le dáta (Treoirlíne 5)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (8), (10) agus (12) de MiCA.

56. I gcás ina bhfuil caidreamh leanúnach ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis an gcliant (amhail trí chomhairle leanúnach maidir le cripteashócmhainní nó trí sheirbhísí bainistithe punainne de chripteashócmhainní a sholáthar), ionas go mbeidh sé ábalta an measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta a ghlacadh lena sainítear: (a) cén chuid den fhaisnéis cliant a bhailítear ar cheart í a thabhairt cothrom le dáta agus cén mhinicíocht ar cheart í a thabhairt cothrom le dáta; (b) conas ba cheart an tabhairt cothrom le dáta a dhéanamh agus cén ghníomhaíocht ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanamh nuair a fhaightear faisnéis bhreise nó cothrom le dáta nó nuair a theipeann ar an gcliant an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar.
57. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhaisnéis cliant lena chinntiú nach bhfuil sí as dáta, míchruinn ná neamhiomlán. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta a chur chun feidhme chun cliant a spreagadh chun an fhaisnéis a sholáthraíodh i dtosach a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina dtarlaíonn athruithe suntasacha.
58. D'fhéadfadh minicíocht an nuashonraithe a bheith éagsúil ag brath, mar shampla, ar phróifíl riosca na gcliant agus an cineál cripteashócmhainne a mholtar á chur san áireamh. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailítear maidir le cliant faoi na ceanglais oiriúnachta, cinnfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní próifíl riosca infheistíochta an chliant, i.e. cén cineál seirbhísí cripteashócmhainní nó cripteashócmhainní a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dó go ginearálta agus a chuid eolais agus taithí, a staid airgeadais (lena n-áirítear a chumas cailleanais a iompar) agus a chuspóirí infheistíochta (lena n-áirítear a lamháltas riosca) á gcur san áireamh. Mar shampla, tá

próifíl riosca a thugann rochtain don chliant ar raon níos leithne de tháirgí níos contúirtí ina gné ar dócha go mbeadh gá lena nuashonrú ní ba mhinice. D'fhéadfadh imeachtaí áirithe próiseas nuashonraithe a spreagadh freisin; cuir i gcás, mar shampla cliant a bhainfeadh aois scoir amach nó a bheadh dífhostaithe.

59. Mar gheall ar an gceanglas athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú oiriúnachta gach dhá bhliain ar a laghad (i gcomhréir le hAirteagal 81(12) de MiCA), ba cheart nuashonruithe a dhéanamh gach dhá bhliain ar a laghad chun a áirithiú nach mbeadh an measúnú oiriúnachta nuashonraithe bunaithe ar fhaisnéis cliant a bheadh as dáta. Tugtar le tuiscint leis sin freisin gur cheart an nuashonrú a dhéanamh sula ndéanfar aon mheasúnú oiriúnachta nua ar an spriocdháta dhá bhliana.
60. D'fhéadfaí an nuashonrú a dhéanamh, mar shampla, trí cheistneoir nuashonraithe a sheoladh chuig cliant. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na gníomhaíochtaí ábhartha athrú a dhéanamh ar phróifíl an chliant ar bhonn na faisnéise cothrom le dáta a bhailítear.
61. Tá sé tábhachtach freisin go nglacfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bearta chun an riosca a mhaolú go spreagfaí an cliant a phróifíl féin a nuashonrú chun cuma a chur ar an scéal go bhfuil táirge infheistíochta áirithe oiriúnach, a bheadh mí-oiriúnach dó murach sin, gan fíor-mhodhnú a bheith ann ar chás an chliant.⁸ Sampla de dheachleachtas chun aghaidh a thabhairt ar an gcineál sin riosca ná nósanna imeachta glactha ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní lena fhíorú, sula ndéantar idirbhearta nó ina ndiaidh, ar tugadh próifíl an chliant cothrom le dáta rómhinic nó tar éis gan ach tréimhse ghearr ón modhnú deireanach (go háirithe má tharla an t-athrú sin sna laethanta díreach roimh an infheistíocht mholta). Dá bhrí sin, dhéanfaí na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an bhfeidhm rialaithe ábhartha nó a thuairisciú di. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na beartais agus na nósanna imeachta seo i gcásanna ina bhfuil baol níos airde ann go bhféadfadh leas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní teacht salach ar leasanna a chuid cliant, e.g. i gcásanna ina bhfuil an soláthraí seirbhíse cripteashócmhainní ag infheistiú cripteashócmhainní lena chliant féin. Fachtóir ábhartha eile atá le breithniú sa chomhthéacs seo freisin is ea an cineál idirghníomhaíochta a tharlaíonn leis an gcliant (e.g. comhrá teileafóin nó trí mheasúnú uathoibrithe).
62. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an cliant a chur ar an eolas nuair a thagann athrú ar a phróifíl mar thoradh ar an bhfaisnéis bhreise a chuirtear ar fáil, cibé an éiríonn sé níos contúirtí (agus dá bhrí sin, d'fhéadfaí go mbeadh raon ní ba leithne de chripteashócmhainní ní ba chontúirtí agus ní ba chasta oiriúnach dó, leis an bhféidearthacht go dtabhófaí cailteanas ní b'airde) nó, *vice versa*, ní ba choimeádaí (agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh raon cripteashócmhainní ní ba shrianta a bheith oiriúnach dó dá bharr).

⁸ Is ábhartha freisin sa chomhthéacs seo bearta a ghlactar chun iontaofacht fhaisnéis na gcliant a áirithiú mar a shonraítear faoi mhír 46 de threoirline 4.

5.6 Faisnéis cliant i gcás eintitis dhlíthiúla nó grúpaí (Treoirlíne 6)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (8) agus (10) de MiCA.

63. I gcás inar duine dlítheanach nó grúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó atá i gcliant nó i gcás ina ndéanann duine nádúrtha eile ionadaíocht ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní beartas a bhunú agus a chur chun feidhme, ar bhonn *ex ante*, maidir leis an nós imeachta agus na critéir ba cheart a leanúint chun ceanglais oiriúnachta MiCA a chomhlíonadh sna cásanna sin. Áirítear leis sin (i) cé ba cheart a bheith faoi réir an mheasúnaithe oiriúnachta, (ii) conas ba cheart an measúnú oiriúnachta a dhéanamh i ndáiríre, lena n-áirítear cé uaidh ba cheart faisnéis faoi eolas agus taithí, staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta a bhailiú agus (iii) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na cliant ábhartha, i gcomhréir leis an mbeartas atá ann cheana.
64. I gcás ina bhfuil an cliant ina dhuine dlítheanach nó ina dhuine nádúrtha a ndéanann duine nádúrtha eile ionadaíocht thar a cheann, ba cheart an staid airgeadais agus na cuspóirí infheistíochta a mheasúnú i bhfianaise chuspóirí an chliant bhunúsaigh (an duine dhlítheanaigh nó an duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh air) seachas i bhfianaise chuspóirí an ionadaí. Ba cheart an t-eolas agus an taithí atá ag an ionadaí an t-eolas agus an taithí a bhfuil measúnú le déanamh air. Thabharfaí le tuiscint leis sin, i measc nithe eile, go ndeimhneoidís go bhfuil an t-ionadaí – de réir an dlí náisiúnta ábhartha – údaraithe chun idirbhearta a dhéanamh thar ceann an chliant.
65. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mheas an bhforáiltear sa chreat dlí náisiúnta is infheidhme tásca sonracha ar cheart a chur san áireamh chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh (cuir i gcás nuair a cheanglaítear leis an dlí ionadaí dlíthiúil a cheapadh, e.g. thar ceann daoine faoi aois nó faoi éagumas nó thar ceann duine dlítheanach).
66. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh le beartas den sórt sin idir cásanna ina dtuairtar go mbeidh baint ag ionadaí leo faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcás daoine dlítheanacha agus i gcás nach bhforáiltear go mbeidh baint ag ionadaí leis, agus ba cheart é a bheith dírithe ar na cásanna deireanacha sin. I gcás ina bhforáiltear comhaontuithe idir cliant sa bheartas, ba cheart iad a chur ar an eolas go soiléir i scríbhinn faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontuithe den sórt sin maidir lena leasanna faoi seach a chosaint. Ba cheart na bearta a ghlacfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir lena bheartas a dhoiciméadú go hiomchuí chun rialuithe *ex post* a chumasú.
67. I gcás inar grúpa de bheirt nó níos mó daoine nádúrtha an cliant agus nach ndéantar foráil d'aon ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme iontu, ba cheart go n-aithneofaí i mbeartas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cé uaidh a bhaileofar an fhaisnéis riachtanach agus conas a dhéanfar an measúnú oiriúnachta. Ba cheart go gcuirfí cliant ar an eolas mar ba chóir faoi chur chuige an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní (mar a chinntear ina bheartas) agus faoi thionchar an chur chuige sin ar an mbealach a dhéantar an measúnú oiriúnachta i ndáiríre.

68. D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cur chuige mar seo a leanas a mheas: (a) d'fhéadfaidís rogha a dhéanamh cuireadh a thabhairt don ghrúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh; nó, (b) d'fhéadfaidís smaoineamh ar fhaisnéis a bhailiú faoi gach cliant aonair agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht gach cliant aonair.

Cuireadh a thabhairt don ghrúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh

69. Má aontaíonn an grúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó ionadaí a cheapadh, d'fhéadfaí an cur chuige céanna a thuairiscítear i mír 64 thuas a leanúint: is é eolas agus taithí an ionadaí a bheidh i gceist, agus is de chuid an chliant bhunúsach nó na gcliant bunúsach a bheidh an staid airgeadais agus na cuspóirí infheistíochta. Ba cheart ceapachán den sórt sin a dhéanamh i bhfoirm scríofa agus de réir an dlí náisiúnta is infheidhme agus i gcomhréir leis, agus ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha é a thaifeadadh. Ba cheart go gcuirfí na cliant – mar chuid den ghrúpa – ar an eolas go soiléir, i scríbhinn, faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontú i measc na gcliant ar chosaint a leasanna faoi seach.
70. Mar sin féin, d'fhéadfaí go gceanglófaí le beartas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an gcliant bunúsach nó ar na cliant bhunúsacha a gcuspóirí infheistíochta a chomhaontú.
71. Má bhíonn deacrachtaí ag na páirtithe lena mbaineann cinneadh a dhéanamh maidir leis an duine nó na daoine ónar cheart an fhaisnéis maidir le heolas agus taithí a bhailiú, maidir leis an mbonn ar cheart an staid airgeadais a chinneadh chun críche an mheasúnaithe oiriúnachta nó chun a gcuspóirí infheistíochta a shainiú, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cur chuige is stuama a ghlacadh trína chur san áireamh, dá réir sin, an fhaisnéis faoin duine a bhfuil an méid is lú eolais agus taithí aige, a bhfuil staid airgeadais is laige aige nó a bhfuil na cuspóirí infheistíochta is coimeádaí aige. De rogha air sin, féadfar a shonrú i mbeartas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nach mbeidh sé in ann comhairle maidir le cripteashócmhainní ná bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar i gcás den sórt sin. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith stuama ar a laghad aon uair a bhíonn difríocht shuntasach idir leibhéal an eolais agus na taithí nó staid airgeadais na gcliant éagsúil sa ghrúpa.

Faisnéis a bhailiú faoi gach cliant aonair agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht gach cliant aonair

72. Nuair a chinneann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis a bhailiú agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht do gach cliant aonair mar chuid den ghrúpa, má tá difríochtaí suntasacha idir saintréithe na gcliant aonair sin (mar shampla, dá ndéanfadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iad a rangú faoi phróifíilí infheistíochta éagsúla), tagann an cheist chun cinn faoi conas comhsheasmhacht na comhairle maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthraítear maidir le cripteashócmhainní nó punann an ghrúpa cliant sin a áirithiú. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh cripteashócmhainn a bheith oiriúnach do chuid cliant amháin den ghrúpa

ach ní do chuid eile. Ba cheart go sonróaí go soiléir i mbeartas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní conas a dhéileálfaidh sé le cásanna den sórt sin. Arís eile, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cur chuige ba stuama a ghlacadh trína chur san áireamh an fhaisnéis faoin chliant sa ghrúpa a bhfuil an t-eolas agus an taithí is lú acu, an staid airgeadais is laige acu nó na cuspóirí infheistíochta is coimeádaí acu. De rogha air sin, féadfar a shonrú i mbeartas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nach mbeidh sé in ann comhairle maidir le cripteashócmhainní ná bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar i gcás den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dócha go gcomhlíonfaí prionsabal uileghabhálach MiCA maidir le gníomhú chun leasa na gcliant trí fhaisnéis a bhailiú faoi gach cliant atá sa ghrúpa agus breithniú a dhéanamh, chun críocha an mheasúnaithe, ar mheánphróifíl den leibhéal eolais agus inniúlachta atá acu go léir.

5.7 Na socruithe is gá chun cripteashócmhainní a thuiscint (Treoirlíne 7)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(10) de MiCA.

73. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun a áirithiú go dtuigeann siad na saintréithe, an cineál, na gnéithe, lena n-áirítear na costais agus na rioscaí a bhaineann le seirbhísí cripteashócmhainní agus cripteashócmhainní a roghnaítear dá gcliant agus go ndéanann siad measúnú an féidir le seirbhísí coibhéiseacha cripteashócmhainní nó cripteashócmhainní próifíl a gcliant a chomhlíonadh, agus costas agus castacht á gcur san áireamh.
74. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta, modheolaíochtaí agus uirlisí stóinsithe agus oibiachtúla a ghlacadh lena gceadaítear dóibh na saintréithe éagsúla a mheas go hiomchuí, chomh maith leis na fachtóirí riosca ábhartha (amhail riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta⁹, riosca oibriúcháin lena n-áirítear riosca a bhaineann le haiceáil, etc.) de gach cripteashócmhainn a bhféadfaidh siad a mholadh nó infheistíocht a dhéanamh ann thar ceann na gcliant. Baineann tábhacht ar leith le breithniú a dhéanamh ar leibhéal 'castachta' na dtáirgí, agus ba cheart é sin a mheaitseáil leis an bhfaisnéis ón gcliant (go háirithe maidir lena gcuid eolais agus taithí).
75. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta a ghlacadh lena áirithiú, i gcás na faisnéise a úsáidfeadh chun tuiscint agus aicmiú ceart a dhéanamh ar chripteashócmhainní a áirítear sa réimse táirgí a mbíonn á dtairiscint acu, go mbeidh an fhaisnéis sin iontaofa, cruinn, comhsheasmhach agus cothrom le dáta. Agus nósanna imeachta den sórt sin á nglacadh acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí

⁹ Tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéantar an riosca leachtachta a shainiú le táscairí riosca eile (amhail, mar shampla, iad siúd a ghlacadh chun riosca creidmheasa nó riosca contrapháirtí agus riosca margaidh a mheasúnú). Is é an fáth gur cheart gnéithe leachtachta na gcripteashócmhainní a chur i gcomparáid le faisnéis faoi thoilteanas an chliant na cripteashócmhainní a shealbhú ar feadh tréimhse áirithe ama, i.e. an 'tréimhse shealbháochta' mar a thugtar air.

cripteashócmhainní saintréithe agus cineál éagsúil na gcripteashócmhainní atá á meas a chur san áireamh.

76. Ina theannta sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a úsáidtear ionas go mbeidh siad in ann aon athruithe ábhartha a léiriú ar cinn iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aicmiú an táirge. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin, agus é á chur san áireamh go bhfuil athrú leanúnach ag teacht ar na margaí cripteashócmhainní agus go bhfuil an borradh atá fúthu ag méadú.

5.8 Na socruithe is gá chun oiriúnacht cripteashócmhainní nó seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú (Treoirlíne 8)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (10), (11) agus (12) de MiCA.

77. D'fhonn cliant a mheaitseáil le hinfheistíochtaí oiriúnacha agus seirbhísí, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh go comhsheasmhach:
- gach faisnéis atá ar fáil faoin gcliant is gá chun a mheas cibé an bhfuil cripteashócmhainn nó seirbhís oiriúnach, lena n-áirítear punann infheistíochtaí reatha an chliant (agus leithdháileadh sócmhainní laistigh den phunann sin nár cheart a bheith teoranta do leithdháileadh cripteashócmhainní);
 - tréithe ábhartha uile na gcripteashócmhainní agus na seirbhísí a chuirtear san áireamh sa mheasúnú oiriúnachta, lena n-áirítear gach riosca ábhartha agus aon chostas díreach nó indíreach ar an gcliant.
78. Meabhraítear do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nach bhfuil an measúnú oiriúnachta teoranta do mholtaí maidir le cripteashócmhainn a cheannach. Ní mór do gach moladh a bheith oiriúnach, cibé acu an moladh é, mar shampla, cripteashócmhainn a cheannach, a shealbhú nó a dhíol, nó gan déanamh amhlaidh.
79. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá ag brath ar uirlisí sa phróiseas measúnaithe oiriúnachta (amhail punanna samhlacha, bogearraí leithdháilte sócmhainní nó uirlis próifílithe riosca le haghaidh infheistíochtaí ionchasacha), ba cheart go mbeadh córais agus rialuithe iomchuí acu chun a áirithiú go mbíonn na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbíonn torthaí sásúla acu.
80. I ndáil leis an méid sin, ba cheart na huirlisí a dhearadh sa chaoi go gcuirfí san áireamh leo sonraíochtaí ábhartha uile gach cliant nó gach cripteashócmhainne. Mar shampla, ní bheadh uirlisí a dhéanann aicmiú leathan ar chliant nó ar chripteashócmhainní oiriúnach don fheidhm.
81. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta a bhunú a chuirfeadh ar a chumas a áirithiú *inter alia*:
- go gcuirfí san áireamh sa chomhairle maidir le cripteashócmhainní agus bainistiú punainne na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear don chliant, leibhéal

iomchuí éagsúlaithe riosca, lena n-áirítear maidir leis an gcineál ionstraimí a shealbhaítear sa phunann (cripteashócmhainní, ionstraimí airgeadais, etc.);

- go mbeadh tuiscint leordhóthanach ag an gcliant ar an ngaol idir riosca agus toradh, i.e. luach saothair íseal sócmhainní saor ó riosca, minicíocht na tréimhse ama ar an gcaidreamh sin agus ar thionchar na gcostas ar a infheistíochtaí;
- go bhféadfadh staid airgeadais an chliant na cripteashócmhainní a mhaoiniú agus go bhféadfadh an cliant aon chailleanas a sheasamh a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na n-infheistíochtaí;
- go gcuirfí san áireamh, an fad ama a bhfuil an cliant sásta an infheistíocht a shealbhú in aon mholadh nó idirbheart pearsanta a dhéanfar le linn comhairle maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne de chripteashócmhainní a sholáthar, i gcás ina bhfuil táirge neamhleachtach i gceist; agus
- go gcuirfí cosc ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dhrochthionchar a imirt ar cháilíocht an mheasúnaithe oiriúnachta.

82. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an modheolaíocht atá le glacadh chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh, ba cheart go gcuirfeadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní san áireamh freisin cineál agus saintréithe na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear agus, ar bhonn níos ginearálta, a shamhail ghnó.

83. Agus measúnú oiriúnachta á dhéanamh aige, ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhís bainistithe punainne de chripteashócmhainní, ar thaobh amháin, measúnú a dhéanamh – i gcomhréir leis an dara pointe urchair de mhír 38 de na treoirlínte sin – ar eolas agus ar thaithí an chliant maidir le gach cineál cripteashócmhainne a d'fhéadfaí a áireamh ina phunann agus na cineálacha rioscaí a bhaineann le bainistiú a phunainne. Ag brath ar leibhéal castachta na gcripteashócmhainní lena mbaineann, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní measúnú níos sonraí a dhéanamh ar an eolas agus an taithí atá ag an gcliant ná díreach measúnú a dhéanamh ar bhonn an chineáil lena mbaineann an chripteashócmhainn (e.g. comhartha sócmhainn-tagartha atá nasctha le bascaed airgeadraí margaí atá ag teacht chun cinn i gcoinne comhartha sócmhainn-tagartha nach bhfuil nasctha ach le EUR agus USD). Ar an taobh eile, maidir le staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliant, is féidir an measúnú oiriúnachta ar thionchar na cripteashócmhainne nó na gcripteashócmhainní agus an idirbheart nó na n-idirbheart a dhéanamh ar leibhéal phunann an chliant ina iomláine. Go praiticiúil, má shainmhínítear go mion sa chomhaontú bainistithe punainne na sonraí maidir leis an straitéis infheistíochta atá oiriúnach don chliant maidir leis na critéir oiriúnachta sainithe ag MiCA agus a leanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iad, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcinntí infheistíochta i gcoinne na straitéise infheistíochta mar a shainmhínítear sa chomhaontú bainistithe punainne agus ba cheart go léireodh punann an chliant ina hiomláine an straitéis infheistíochta comhaontaithe sin. Nuair a dhéanann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní measúnú oiriúnachta bunaithe ar

phunann an chliant ina hiomláine a mheas laistigh de sheirbhís comhairle maidir le cripteashócmhainní, ciallaíonn sé sin gur cheart, ar thaobh amháin, leibhéal eolais agus taithí an chliant a mheasúnú maidir le gach cripteashócmhainn agus gach riosca a bhaineann leis an idirbheart gaolmhar. Ar an lámh eile, maidir le staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliant, féadtar an measúnú oiriúnachta faoi thionchar an táirge agus an idirbheart a dhéanamh ar leibhéal phunann an chliant.

84. Nuair a dhéanann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní measúnú oiriúnachta bunaithe ar phunann an chliant ina hiomláine a bhreithniú, ba cheart dó leibhéal iomchuí éagsúlaithe a áirithiú laistigh de phunann an chliant, ag cur san áireamh neamhchosaint phunann an chliant ar na rioscaí airgeadais éagsúla (neamhchosaint gheografach, neamhchosaint airgeadra, etc.). Ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní stuama go háirithe maidir le riosca creidmheasa: ba cheart aird ar leith a thabhairt ar nochtadh phunann an chliant d'eisitheoir aonair amháin nó d'eisitheoirí atá mar chuid den ghrúpa céanna. Is é an fáth atá leis sin ná má tá punann an chliant comhchruinnithe i dtáirgí eisithe ag eintiteas aonair amháin (nó ag eintitis den ghrúpa céanna), i gcás mainneachtana an eintitis sin, féadfaidh an cliant suas le méid iomlán a n-infheistíochta a chailleadh.
85. Chun comhsheasmhacht an mheasúnaithe oiriúnachta a dhéantar trí uirlisí uathoibríthe a áirithiú (fiú mura dtarlaíonn an t-idirghníomhú le cliant trí chórais uathoibríthe), ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faireachán agus tástáil rialta a dhéanamh ar na halgartaim atá mar bhunús le hoiriúnacht na n-idirbheart a moltar nó a dhéantar thar ceann cliant. Agus algartaim den sórt sin á sainiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cineál agus saintréithe na gcripteashócmhainní agus na seirbhísí a áirítear ina dtairiscint do chliant a chur san áireamh. Go háirithe, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:
- doiciméadacht iomchuí dearaidh córais a bhunú ina leagtar amach go soiléir cuspóir, raon feidhme agus dearadh na n-algartam. Ba cheart crainn chinnteoireachta nó rialacha cinnteoireachta a bheith ina gcuid den doiciméadacht sin, i gcás inarb ábhartha;
 - straitéis tástála dhoiciméadaithe a bheith acu ina mínítear raon feidhme na tástála ar algartaim. Ba cheart pleananna tástála, cásanna tástála, torthaí tástála, réiteach fabhtanna (más ábhartha) agus torthaí tástála deiridh a áireamh leis sin;
 - beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm acu chun aon athruithe ar algartam a bhainistiú, lena n-áirítear faireachán agus taifid a choimeád ar aon athruithe den sórt sin. Áirítear leis sin socruithe slándála a bheith i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar rochtain neamhúdairithe ar an algartam agus chun an rochtain sin a chosc;
 - algartaim a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go léireofar leo aon athruithe ábhartha (e.g. athruithe sa mhargadh nó athruithe ar an dlí is infheidhme) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-éifeachtacht;

- beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu lenar féidir aon earráid laistigh den algartam a bhrath agus déileáil leis go hiomchuí, lena n-áirítear, mar shampla, soláthar comhairle a chur ar fionraí más dócha go ndéanfar idirbheart míchuí agus/nó sárú ar dhlí nó ar rialachán ábhartha mar thoradh ar an earráid sin;
- acmhainní leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm acu, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní teicneolaíocha, chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht algartam trí athbhreithniú leordhóthanach tráthúil a dhéanamh ar an gcomhairle a sholáthraítear; agus
- próiseas iomchuí inmheánach maidir le síniú a bheith i bhfeidhm acu lena áirithiú gur leanadh na céimeanna thuas.

86. I gcás ina gcuirtear comhairle maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne cripteashócmhainní ar fáil go hiomlán nó go páirteach trí chóras uathoibríthe nó leath-uathoibríthe, ba cheart go mbeadh an fhreagracht chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh fós ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn an tseirbhís agus ní laghdófar an fhreagracht sin trí chóras leictreonach a úsáid chun an moladh pearsanta nó an cinneadh chun trádála a dhéanamh.

5.9 Costais agus castacht táirgí coibhéiseacha (Treoirlíne 9)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (10) agus (12) de MiCA.

87. Ba cheart go n-áiritheofaí le beartais agus le nósanna imeachta oiriúnachta, sula ndéanann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cinneadh ar an gcripteashócmhainn nó ar na cripteashócmhainní a mholtar nó a infheisteofar sa phunann atá á bainistiú thar ceann an chliaint, go ndéanfaí measúnú críochnúil ar na roghanna cripteashócmhainní agus seirbhísí cripteashócmhainní a d'fhéadfadh a bheith ann agus costas agus castacht na dtáirgí á gcur san áireamh.
88. Ba cheart go mbeadh próiseas i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní lena n-áireofaí nádúr na seirbhíse, an tsamhail ghnó agus an cineál cripteashócmhainní a chuirtear ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar tháirgí atá ar fáil atá 'coibhéiseach' lena chéile i dtéarmaí a gcumais freastal ar riachtanais agus ar imthosca an chliaint, amhail cripteashócmhainní a bhfuil sprioc-chliaint comhchosúla agus próifíl riosca-toraidh chomhchosúil acu.
89. Agus an fachtóir costais á mheas, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na costais agus na muirir uile a chumhdaítear leis na forálacha ábhartha faoi Airteagal 81(4) de MiCA a chur san áireamh. Maidir leis an gcastacht, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tagairt a dhéanamh do na critéir atá sainaitheanta i dtreoirlíne 7 thuas. I gcás soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil raon teoranta táirgí acu nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mholann cineál amháin cripteashócmhainne i gcás ina bhféadfaí teorainn a chur leis an measúnú ar chripteashócmhainní 'coibhéiseacha', tá sé tábhachtach go gcuirfí cliaint ar an eolas

go hiomlán faoi imthosca den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí faisnéis iomchuí ar fáil do chliant maidir le cé chomh srianta agus atá raon na cripteashócmhainní a thairgtear, de bhun Airteagal 81(2)(b) de MiCA.¹⁰

90. I gcás ina n-úsáideann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha a bhfuil feidhm acu maidir le cliant éagsúla a bhfuil an phróifíl infheistíochta chéanna acu (mar a chinneann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é), d'fhéadfaí an measúnú ar chostas agus ar chastacht cripteashócmhainní 'coibhéseacha' a dhéanamh ar leibhéal níos airde agus ar bhonn lárnach, (cuir i gcás laistigh de choiste infheistíochta nó aon choiste eile a shainíonn comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha) cé go mbeidh ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú fós go bhfuil na cripteashócmhainní roghnaithe oiriúnach agus go gcomhlíonfaidh siad próifíl a gcliant ar bhonn cliant ar chliant.
91. Ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ábalta údar a thabhairt leis na cásanna sin ina ndéantar cripteashócmhainn níos costasaí nó níos casta a roghnú nó a mholadh thar cripteashócmhainn choibhéseach, ag cur san áireamh go bhféadfadh critéir bhreise a mheas freisin maidir le próiseas roghnúcháin na dtáirgí i gcomhthéacs comhairle maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne (éagsúlacht na punainne, leibhéal leachtachta nó riosca, mar shampla). Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cinntí sin a dhoiciméadú agus a choinneáil ar taifead mar ba chóir go dtabharfadh feidhmeanna rialaithe laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní aird ar leith do na cinntí sin. Ba cheart go mbeadh na doiciméid faoi seach faoi réir athbhreithnithe inmheánaigh. Agus comhairle maidir le cripteashócmhainní á cur ar fáil acu d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, ar chúiseanna sonracha dea-shainithe, cinneadh a dhéanamh freisin an cliant a chur ar an eolas faoin gcinneadh cripteashócmhainní níos costasaí agus níos casta a roghnú.

5.10 Costais agus buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a aistriú (Treoirlíne 10)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(1), (10) agus (12) de MiCA.

92. Mar chuid de na beartais agus na nósanna imeachta maidir leis an measúnú oiriúnachta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní anailís a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le haistriú sa chaoi is go mbeidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ábalta a léiriú go réasúnta gur mó na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo as aistriú ná na costais.
93. Chun críche na treorach seo, ní mheasfaí de ghnáth cinntí infheistíochta amhail punann atá á bainistiú a athchothromú i gcás 'straitéis éighníomhach' chun innéacs a

¹⁰ Dá bhrí sin, i gcomhréir le MiCA, níltear ag súil go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní breithniú ar réimse iomlán na roghanna cripteashócmhainní a d'fhéadfadh bheith ar fáil sa mhargadh chun treoirlíne 7 a leanúint.

mhacasamhlú (a chomhaontaítear leis an gcliánt) a bheith ina aistriú. D'fhonn amhras a sheachaint, mheasfaí gur aistriú é aon idirbheart gan na tairseacha sin a choinneáil.

94. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur san áireamh ionas go mbeidh siad ábalta anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar an aistriú, i.e. measúnú ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí na cripteashócmhainne nua nó na gcripteashócmhainní nua a breithníodh. Agus an ghné costais á meas, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na costais agus na muirir uile a chumhdaítear leis na forálacha ábhartha faoi Airteagal 81(4) de MiCA a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh fachtóirí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta costais agus tairbhe a bheith ábhartha. D'fhéadfaí go n-áireofaí leo sin, mar shampla:
- glantoradh ionchasach an idirbhirt mhalartaigh atá beartaithe (lena n-áirítear freisin aon chostas tosaigh a d'fhéadfadh a bheith le híoc ag an gcliánt nó ag na cliaint) i gcoinne ghiantoradh ionchasach na hinfheistíochta reatha (ar cheart go n-áireofaí leis freisin aon chostas scoir a d'fhéadfadh an cliánt nó na cliaint a thabhtú chun díshealbhú ón gcripteashócmhainn atá ina phunann nó ina bpunann cheana féin;
 - athrú ar chúinsí agus ar riachtanais an chliaint, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hathrú a bhreithniú, e.g. an gá le leachtacht sa ghearrthéarma mar thoradh ar imeacht teaghlaigh gan choinne agus neamhphleanáilte;
 - athrú ar ghnéithe na gcripteashócmhainní agus/nó ar chúinsí an mhargaidh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hathrú i bpunann nó i bpunanna an chliaint nó na gcliánt a bheith á bhreithniú, e.g. má thagann cripteashócmhainn chun a bheith neamhleachtach de bharr treochtaí sa mhargadh;
 - tairbhí do phunann an chliaint a eascraíonn as an aistriú, amhail (i) méadú ar éagsúlú na punainne (de réir limistéir gheografaigh, cineál cripteashócmhainne, cineál eitheora, etc.); (ii) ailíniú méadaithe ar phróifíl riosca na punainne le cuspóirí riosca an chliaint; (iii) méadú ar leachtacht na punainne; nó (iv) laghdú ar riosca creidmheasa foriomlán na punainne.
95. Agus comhairle maidir le cripteashócmhainní á cur ar fáil, ba cheart míniú soiléir ar cibé acu an bhfuil tairbhí an aistrithe mholta níos airde ná na costais a ghabhfadh leis a chur san áireamh sa tuarascáil oiriúnachta ¹¹ nach mór don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar don chliánt miondíola sula ndéanfar an t-idirbheart.
96. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní córais agus rialuithe a ghlacadh freisin chun faireachán a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le teacht timpeall ar an oibleagáid costais agus tairbhí a bhaineann le haistriú molta a mheasúnú, mar shampla i gcásanna ina leantar comhairle maidir le cripteashócmhainn a dhíol le comhairle chun

¹¹ An tuarascáil ar oiriúnacht dá dtagraítear in Airteagal 81(13) de MiCA.

cripteashócmhainn eile a cheannach ag céim níos déanaí (e.g. lá ina dhiaidh sin), ach i ndáiríre bhí dlúthbhaint idir an dá idirbheart ón tús.

97. I gcás ina n-úsáideann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha a bhaineann le cliant éagsúla a bhfuil an phróifíl infheistíochta chéanna acu (arna chinneadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní), d'fhéadfaí anailís costais is tairbhe ar aistriú a dhéanamh ar leibhéal níos airde ná ar leibhéal gach cliant aonair nó gach idirbhirt aonair. Go háirithe, nuair a dhéantar cinneadh maidir le haistriú go lárnach, mar shampla laistigh de choiste infheistíochta nó d'aon choiste eile a shainíonn comhstraitéisí punainne nó tograí infheistíochta eiseamláireacha, d'fhéadfaí an anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar leibhéal an choiste sin. Má dhéantar cinneadh den sórt sin maidir le haistriú go lárnach, is gnách go mbeadh an anailís costais is tairbhe a dhéantar ar an leibhéal sin infheidhme ar gach punann cliant ionchomparáide gan measúnú a dhéanamh ar gach cliant aonair. I gcás den sórt sin freisin, d'fhéadfadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chinneadh, ar leibhéal an choiste ábhartha, cén fáth nach ndéanfar aistriú a cinneadh i gcás cliant áirithe. Cé go bhféadfaí an anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar leibhéal níos airde i gcásanna den sórt sin, ba cheart go mbeadh rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun a sheiceáil nach bhfuil aon saintréithe ar leith ag cliant áirithe a bhféadfadh leibhéal níos scoite anailíse a bheith ag teastáil uathu.
98. I gcás ina bhfuil sainordú níos saindeartha agus straitéis infheistíochta comhaontaithe ag bainisteoir punainne le cliant mar gheall ar shainriachtanais infheistíochta an chliant sin, ba cheart anailís costais is tairbhe ar an aistriú a dhéanamh ag leibhéal an chliant, os a choinne an méid thuas.
99. D'ainneoin an méid sin, má mheasann bainisteoir punainne gur cheart comhdhéanamh nó paraiméadair phunainne a athrú ar bhealach nach gceadaítear leis an sainordú a comhaontaíodh leis an gcliant, ba chóir don bhainisteoir punainne é sin a phlé leis an gcliant agus athbhreithniú nó measúnú oiriúnachta nua a dhéanamh chun sainordú nua a chomhaontú.

5.11 Cáilíochtaí na foirne (Treoirlíne 11)¹²

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 68(5) agus Airteagal 81(7) de MiCA.

100. Ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chinntiú go bhfuil leibhéal imleor scileanna, eolais agus saineolais maidir le cripteashócmhainní agus seirbhísí cripteashócmhainní ag baill foirne a bhfuil baint acu le gnéithe ábhartha den phróiseas oiriúnachta.
101. Ba cheart don fhoireann an ról atá acu sa phróiseas measúnaithe oiriúnachta a thuiscint agus na scileanna, an t-eolas agus an saineolas a bheith acu is gá, lena n-áirítear eolas

¹² De réir an tsainordaithe faoi Airteagal 81(15)(a) de MiCA, déanfaidh ESMA, ar dháta níos déanaí, treoirlínte níos ginearálta a eisiúint maidir leis na critéir chun eolas agus inniúlacht a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 81(7) de MiCA.

leordhóthanach ar na ceanglais agus na nósanna imeachta rialála ábhartha, chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

102. Ba cheart an t-eolas agus an inniúlacht is gá a bheith ag an bhfoireann, maidir leis an measúnú oiriúnachta chomh maith. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní oiliúint chuí a thabhairt don fhoireann.
103. Ba cheart go mbeadh na scileanna, an t-eolas agus an saineolas riachtanach fós ag baill foirne eile nach dtugann aghaidh dhíreach ar chliaint ach atá páirteach sa mheasúnú oiriúnachta ar aon bhealach eile, ag brath ar a ról ar leith sa phróiseas oiriúnachta. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, na ceistneoirí a ullmhú, algartaim a shainiú lena rialaítear an measúnú nó gnéithe eile is gá chun an measúnú oiriúnachta a dhéanamh agus comhlíonadh na gceanglas oiriúnachta a rialú.
104. I gcás inarb ábhartha, agus uirlisí uathoibríthe (lena n-áirítear uirlisí hibrídeacha) á n-úsáid acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú maidir lena mbaill foirne a mbíonn baint acu leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le sainmhíniú na n-uirlisí sin:
 - go bhfuil tuiscint iomchuí acu ar an teicneolaíocht agus ar na halgartaim a úsáidtear chun comhairle dhigiteach a thabhairt (ba cheart tuiscint a bheith acu ar an réasúnaíocht, ar na rioscaí agus ar na rialacha taobh thiar na halgartaim atá ina mbonn taca ag an gcomhairle dhigiteach); agus
 - go bhfuil tuiscint acu ar an gcomhairle dhigiteach a ghintear leis na halgartaim í agus go bhfuil siad in ann é a athbhreithniú.

6 Treoirlínte maidir le formáid an ráitis thréimhsiúil i ndáil le bainistiú punainne de chripteashócmhainní

6.1 Meán marthanach (Treoirlíne 1)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(14) de MiCA.

105. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an ráiteas thréimhsiúil dá bhforáiltear in Airteagal 81(14) de MiCA a sholáthar do gach cliant den sórt sin i bhformáid leictreonach ar meán marthanach é freisin.
106. Le meán den sórt sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas cliaint i) an fhaisnéis atá dírithe go pearsanta ar an gcliant sin a stóráil ar bhealach atá inrochtana ionas go bhféadfaí tagairt a dhéanamh di amach anseo agus ar feadh tréimhse ama atá leordhóthanach chun críocha na faisnéise; agus ii) atáirgeadh gan athrú ar an bhfaisnéis atá stóráilte a cheadú.

6.2 Rochtain ar chóras ar líne (Treoirlíne 2)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(14) de MiCA.

107. Chun críocha Airteagal 81(14), an dara fómhír de MiCA, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an méid seo a leanas a áirithiú:
 - gur meán marthanach é an córas ar líne a bhfuil rochtain ag a gcliant air;
 - go gcuirfí an cliant ar an eolas go leictreonach maidir le cá háit agus conas is féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis (mar shampla, más suíomh gréasáin atá sa chóras ar líne, ba cheart fógra a thabhairt don chliant faoi sheoladh an tsuímh gréasáin, agus faoin áit ar an suíomh gréasáin ar féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis);
 - go gcuirfí an cliant ar an eolas nuair a chuirfear ráiteas thréimhsiúil nua ar fáil; agus
 - go mbeidh an fhaisnéis inrochtana go leanúnach tríd an gcóras ar líne sin agus ar feadh cibé tréimhse ama a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le réasún ón gcliant ionas go bhféadfaí í a iniúchadh.

6.3 Ábhar an ráitis thréimhsiúil (Treoirlíne 3)

Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 81(14) de MiCA.

108. Chun a áirithiú go bhfaighidh cliant athbhreithniú cothrom agus cóir ar na gníomhaíochtaí a dhéantar, ar fheidhmíocht na punainne agus ar an gcaoi a mbaintear amach na tosaíochtaí agus na cuspóirí leis na gníomhaíochtaí a dhéantar, chomh maith le faisnéis cothrom le dáta maidir leis an measúnú oiriúnachta le linn na tréimhse tuairiscithe, ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a áireamh sa ráiteas thréimhsiúil:
- ráiteas maidir le hinneachar agus luacháil na punainne, lena n-áirítear sonraí faoi gach cripteashócmhainn atá á sealbhú, a margadhluach, nó a luach cóir mura bhfuil an margadhluach ar fáil agus an t-iarmhéid airgid, agus iad sin go léir ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;
 - feidhmíocht na punainne le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear aon chomharthaí a fhaightear saor in aisce le haghaidh leanúnachas oibríochtaí sásraí comhthola blocshlabhra um chruthúnas ar obair agus um chruthúnas ar leas (dámhachtainí um ghealladh);
 - méid iomlán na dtáillí agus na muirear tabhaithe le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, táillí bainistíochta iomlána agus costais iomlána a bhaineann le forghníomhú, agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, ráiteas go soláthrófar miondealú níos mionsonraithe de réir mar a iarrfar é;
 - comparáid idir feidhmíocht le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an ráiteas agus an tagarmharc feidhmíochta (más ann dó) a comhaontaíodh idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cliant;
 - príomhthréithe de gach idirbheart a fhorghníomhaítear le linn na tréimhse;
 - míniú ar an gcaoi a sásaítear roghanna, cuspóirí agus saintréithe eile an chliant leis na gníomhaíochtaí nó leis an easpa gníomhaíochta .
109. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní dáta an mheasúnaithe oiriúnachta deiridh nó a athbhreithnithe a shonrú freisin agus, más ábhartha, ar an mbonn ar tugadh cothrom le dáta é go deireanach (e.g. faisnéis nua curtha ar fáil ag an gcliant is cúis le hathrú ar phróifíl an chliant, critéir nua curtha i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní).